CINNEADH (CBES) 2023/190 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Eanáir 2023

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) An 16 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2478 ([2]), lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh beart sriantach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear i bpointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2478. De bhun an dara mír d'Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2022/2478, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 1 Feabhra 2023 i leith na n-eintiteas uile dá dtagraítear i bpointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2478,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 1 Feabhra 2023 i leith na n-eintiteas uile dá dtagraítear i bpointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2478.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2478 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 322I, 16.12.2022, lch. 614).